# Cód Cleachtais
# Chun
# Gearáin a Láimhseáil

San Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, éilítear ar chraoltóir agus/nó soláthróir seirbhíse closamhairc ar éileamh Cód Cleachtais maidir le gearáin a láimhseáil a chur ar fáil faoi fhorálacha ábhartha an Achta.

- Is é a luaitear san Acht: *A broadcaster or provider of an audiovisual on-demand media service shall give due and adequate consideration to a complaint made in writing to it, that it has failed to comply with one or more of the provisions of the Act (outlined below) where in the opinion of the broadcaster or provider, the complaint has been made in good faith and is not of a frivolous or vexatious nature.*
- Déanfar gearán i ndáil le craoladh teilifíse leis an gcraoltóir tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an chraolta.
- Sa chás go mbaineann gearán le 2 chraoladh neamhghaolmhara nó níos mó, beidh feidhm ag dáta an chraolta níos luaithe.
- Sa chás go mbaineann gearán le 2 chraoladh ghaolmhara nó níos mó, ar a ndéantar 2 cheann acu sin ar a laghad ar dhátaí difriúla, beidh feidhm ag an gcraoladh níos déanaí nó is déanaí.
- Sa chás go mbaineann gearán le hábhar cláir a cuireadh ar fáil ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh, beidh feidhm ag an dáta ar stopadh ag cur an ábhair cláir ar fáil ar an tseirbhís sin.

**Sa chás nach mian le duine gearán a dhéanamh, i gcomhréir le forálacha an Achta, agus nach bhfuil uathu ach a ndearcthaí agus a dtuairimí a chur in iúl, is féidir sin a dhéanamh tríd an nasc seo a leanas: https://tg4.ie/teagmhail**

**Féach "Aiseolas" ag deireadh an fhógra seo chun tuilleadh eolais a fháil.**

## Forais maidir le gearán foirmiúil a dhéanamh

Leagtar amach roinnt foras san Acht faoinar féidir gearán a dhéanamh i ndáil le craoladh teilifíse agus seirbhís meán closamhairc ar éileamh:

***Harm, offence, incitement, and authority of the State***

***46J (1)*** *A broadcaster shall not broadcast, and a provider of an audiovisual on-demand media service shall not make available in a catalogue of the service -*

*(a) anything which may reasonably be regarded as causing harm or undue offence*

*(b) anything which may reasonably be regarded as likely to promote, or incite crime,*

*(c) anything which may reasonably be regarded as promoting or inciting terrorism online within the terms of the EU Directive on combatting terrorism.* (* Féach Nóta 1)

*(d) anything which may reasonably be regarded as likely to incite to violence or hatred directed against a group of persons,*

*(e) anything which may reasonably be regarded as tending to undermine the authority of the State.*

***Privacy***

**46K**

***(1)*** *A broadcaster shall ensure that, in programmes broadcast by the broadcaster, and in the means employed to make such programmes, the privacy of any individual is not unreasonably encroached upon.*

***(2)*** *A provider of an audiovisual on-demand media service shall ensure that in programmes included in a catalogue of the service, and in the means employed to make such programmes, the privacy of any individual is not unreasonably encroached upon.*

***News and current affairs***

***46L (1)*** *A broadcaster, in programmes which he or she broadcasts, and a relevant media service provider, in programmes which he or she makes available in a catalogue of the relevant service, shall ensure—*

*(a) that news is reported and presented in an objective and impartial manner and without any expression of the broadcaster's or provider's own views, and*

*(b) that the treatment of current affairs, including matters which are either of public controversy or the subject of current public debate, is fair to all interests concerned, and that the matter broadcast or made available is presented in an objective and impartial manner and without any expression of the broadcaster's or provider's own views.*

***(2)*** *Should it prove impracticable to apply subsection (1)(b) in relation to a single programme, 2 or more related programmes may be considered as a whole, if—*

*(a) where the programmes are broadcast, they are broadcast within a reasonable period of each other, or*

*(b) where the programmes are made available on a relevant service, they are made available in the same way on the relevant service within a reasonable period of each other.*

***(3)*** *Nothing in subsection (1) prevents a broadcaster from broadcasting, or a relevant media service provider from making available, party political programmes (*See Note 2), provided that an unfair preference is not given to any political party—*

*(a) by a broadcaster, in the allocation of time for such programmes, or*

*(b) by a relevant media service provider, in the positioning of such programmes in a catalogue of the relevant service.*

***(4)*** *Subsection (1), in so far as it requires a broadcaster or a relevant media service provider not to express his or her own views, does not apply to news or current affairs relating to a*

*proposal which— (a) concerns policy as regards broadcasting which is of public controversy or the subject of current public debate, and (b) is being considered by the Government or the Minister.*

***Advertising***

**46M** ***(1)*** *A programme broadcast or made available in a catalogue of an audiovisual on-demand media service, may include advertisements inserted in it.*

***(2)*** *A broadcaster shall not broadcast, and a relevant media service provider shall not make available in a catalogue of the relevant service, an advertisement which—*

*(a) is directed towards a political end or has any relation to an industrial dispute, or*

*(b) addresses the issue of the merits or otherwise of adhering to any religious faith or belief, or of becoming a member of any religion or religious organisation.*

***Is féidir le daoine den phobal ar mian leo gearán a dhéanamh faoi fhógraí a craoladh ar TG4 gearán a dhéanamh freisin le hÚdarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann (ASAI) ag an nasc seo a leanas: https://www.asai.ie/make-a-complaint/make-a-complaint/

**<u>*NÓTA 1</u>**

Baineann sé seo le hiompar ar siúl laistigh d'Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle amhail an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

**<u>*NÓTA 2</u>**

Déantar foráil in Alt 46 (N) 3 den Acht do Chóid seirbhíse Meán le fáil amach an bhféadfaí "party political programmes" a chraoladh nó a chur ar fáil ag <u>amanna sonraithe amháin</u>. Níl na Cóid maidir leis an bhforáil sin dréachtaithe go fóill ag Coimisiún na Meán agus nuair a dhéanfaidh Coimisiún na Meán amhlaidh, cuirfidh TG4 tuilleadh eolais ar fáil maidir leis an gceist sin.

## Gearán a dhéanamh agus an freagra ar ghearán

Sa chás go bhfuil duine den phobal den tuairim gur tharla, le clár nó le mír ar chlár nó le fógra a craoladh ar TG4:

- Go bhfuil foráil d'Ailt 46J (1) (a), (b), (c), (d) nó (e); 46K (1), (2) agus 46L (1) (a) agus (b), 46 M (2) agus (3) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, sáraithe

nó

- Gur teipeadh cloí le foráil de chuid Chóid Údarás Craolacháin na hÉireann. (Féach Nóta maidir leis na Cóid thíos)

tá siad i dteideal gearán foirmiúil a dhéanamh le TG4.

Ba cheart duit do ghearán foirmiúil a chur isteach tríd an bhfoirm ghréasáin ag an nasc seo a leanas: **https://www.tg4.ie/ga/eolas/gearain-fhoirmiula/**

Is é an teagmhálaí i TG4 maidir le gearáin fhoirmiúla ná:

**Trevor Ó Clochartaigh**
Stiúrthóir Oibríochtaí agus Acmhainní Daonna agus Oifigeach Idirchaidrimh Rochtana.
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

Teil  091 505050
Facs:  091 505021
Ríomhphost: gearan@tg4.ie

Chun críocha an Achta, is féidir gearán a dhéanamh faoi na nithe seo a leanas -

- Craoladh (craoltaí) teilifíse
- Seirbhís closamhairc ar éileamh – i gcás TG4, Sheinnteoir TG4.

Ní mór eolas ar leith faoi nádúr an ghearáin a bheith mar chuid de ghearán bailí faoi chraoladh nó faoi sheirbhís closamhairc ar éileamh:

- I dtosach báire, ní mór ainm an chláir agus an t-am agus an dáta ar craoladh an clár a bhaineann leis an ngearán a shonrú sa ghearán; i gcás seirbhís closamhairc ar éileamh (Seinnteoir TG4), ní mór ainm an chláir agus an dáta a chonacthas an clár a lua.

- Ar an dara dul síos, ní mór don ghearánach forais an ghearáin a lua trí thagairt a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó acu sin atá liostaithe thuas in 'Forais maidir le Gearán a dhéanamh' agus ní mór a chur in iúl an fáth a gcreideann siad gur sáraíodh an tAcht agus/nó an Cód(Cóid) leis an gclár nó mír.

Tá an t-eolas seo de dhíth do na cúiseanna seo a leanas:

1. Cuireann sé ar chumas an chraoltóra/an tsoláthróra an clár a bhaineann leis an ngearán, nádúr an ghearáin a aithint agus beifear ábalta freagra ciallmhar a réiteach maidir leis an gclár cuí.
2. Mura bhfuil an gearánach sásta leis an bhfreagra, is féidir é a chur ar aghaidh chuig Coimisiún na Meán áit a ndéanfar an t-eolas thuas a lorg mar chuid den phróiseas atreoraithe sin. Ar an mbealach seo, cinnteofar go bhfeidhmeoidh an próiseas ar fad mar is cóir agus an t-eolas á thabhairt ón tús.

**Má fhaigheann TG4 gearán nach bhfuil an t-eolas thuas mar chuid de scríobhfaidh muid ar ais chuig an ngearánach ag iarraidh go gcuirfeadh siad eolas níos cruinne ar fáil chun go mbeidh muid ábalta an gearán a phróiseáil. Mura gcuirtear an t-eolas a iarraidh ar fáil laistigh de 10 lá tar éis an iarraidh a fháil ar mhaithe le níos mó eolas cruinn, ní rachfar chun cinn leis an ngearán agus measfar gur Aiseolas atá ann. (Féach Aiseolas thíos).**

Seolfaidh TG4 admháil go bhfuarthas an gearán laistigh de 5 lá oibre ó dháta an ghearáin agus tabharfaimid freagra ar ghearáin laistigh de 20 lá oibre ó dháta an ghearáin.

Dé réir an Achta, ní mór gearáin a dhéanamh i scríbhinn, trí ríomhphost nó litir.

Nuair a bheifear ag freagairt gearáin (gearán), sa chás nach nglacann TG4 leis gur sáraíodh an tAcht nó na Cóid rialála, leagfaimid amach na cúiseanna atá againn diúltú don ghearán a bhféadfadh iad seo a leanas a bheith ar chuid de na cúiseanna -

- Gurb é tuairim TG4 gur theip ar an ngearán sárú na forála (na bhforálacha) a ndearnadh gearán fúithi (fúthu) a léiriú.
- Gurb é tuairim TG4 go bhfuil an gearán fánach nó cráiteach agus nach ndearnadh é de mheon macánta.

Sa chás gur diúltaíodh do ghearán, cuirfear in iúl don ghearánach chomh maith go bhfuil de cheart aige cinneadh TG4 a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán lena bhreithniú go neamhspleách.

## Cóid Rialála

Is coimisiún nua-bhunaithe é Coimisiún na Meán. Ceadaítear leis an Acht mar sin go bhfanfaidh na cóid chraolacháin rialála atá ann cheana i bhfeidhm go dtí go mbeidh siad athbhreithnithe agus tugtha cothrom le dáta ag Coimisiún na Meán.

Is iad seo a leanas na Cóid:

1. Cód Cothromaíochta, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha Údarás Craolacháin na hÉireann

2. Cód um Chaighdeáin Chláir Údarás Craolacháin na hÉireann

3. Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála (Fógraíocht) Údarás Craolacháin na hÉireann

4. Cód na bPáistí maidir le Cumarsáid Tráchtála (Fógraíocht le Leanaí) Údarás Craolacháin na hÉireann

## Gearáin le Coimisiún na Meán

Is féidir le duine den phobal gearán a dhéanamh le Coimisiún na Meán mura bhfuil sé sásta leis an bhfreagra a thug TG4 ar a ngearán. Déanfaidh Coimisiún na Meán an gearán agus an freagra a fuair an gearánach ó TG4 a bhreithniú.

Is féidir cur ar aghaidh chuig Coimisiún na Meán a dhéanamh mar seo a leanas -

Tríd an ríomhphost: usersupport@cnam.ie.

Nó tríd an bpost:

Coimisiún na Meán
1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4,
D04 NP20
Éire

Is féidir tuilleadh ceisteanna maidir le cur ar aghaidh gearán a chur go díreach freisin chuig teagmháil fóin an ionaid tacaíochta d'úsáideoirí: (01) 963 7755.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le ról Choimisiún na Meán sa reachtaíocht chraolacháin a fháil ar ár láithreán gréasáin: https://www.cnam.ie/broadcasting/.

***** Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird cé go raibh tosach feidhme leis an Acht ar an 15 Márta 2023, go mbeidh céim aistrithe i gceist agus go bhfanfaidh láithreán gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann 'beo' le linn na tréimhse sin mar phointe teagmhála, de réir [www.bai.ie](http://www.bai.ie)**

**Ina theannta sin, de bharr nach bhfuil athbhreithniú/uasdátú déanta fós ag na Coimisiún na Meán ar na Cóid atá ann cheana agus de bharr go bhfuil ábhair eile faoin Acht fós le cinneadh acu, d'fhéadfadh an Cód Cleachtais seo Chun Gearáin a Láimhseáil a bheith faoi réir tuilleadh athruithe chun aon chinntí nó treoracha atá déanta ag Coimisiún na Meán a léiriú.**

## Aiseolas

Ceanglaítear ar dhuine ar bith atá ag iarraidh gearán foirmiúil a dhéanamh faoi chlár cloí le coinníollacha ar leith chun próiseáil an ghearáin a éascú.

Tá difear thar a bheith soiléir idir tús a chur leis an bpróiseas gearán reachtúil foirmiúil agus deis a bheith agat do chuid tuairimí a chur in iúl do TG4.

Tá saoráid ag TG4 a chuireann ar chumas duine a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid TG4 go díreach, sa chás nach mian leo a bheith páirteach sa phróiseas reachtúil gearán.

D'fhéadfadh ball de lucht féachana a bheith ag iarraidh clár nó ábhar a mholadh nó a cháineadh nó smaointe nó athruithe a mholadh.

Fáiltíonn TG4 roimh aiseolas maidir lenár gcláir agus roinntear sin le foireann eagarthóireachta TG4 mar léargas luachmhar ar thuairimí an lucht féachana.

Dá mba mhaith leat úsáid a bhaint as an bpróiseas soláthróra sin chun do chuid tuairimí a chur faoi bhráid TG4, déan amhlaidh trí úsáid a bhaint as an nasc seo a leanas: **[https://tg4.ie/teagmhail](https://tg4.ie/teagmhail)**